

Clár Náisiúnta Traenála do Bhoird Bhainistíochta (Bunscoileanna)

Bileoga le Roinnt

Ceisteanna Dlí

*Polasaithe agus nósanna imeachta ag eascairt as
an reachtaíocht, treoirlínte agus ciorcláin*



Feabhra 2013
(Leagan Leasaithe)

**Clár Náisiúnta Oiliúna
do
Bhoird Bainistíochta**

Saincheisteanna Dlí

2013

Sleamhnán 1

Cuspóirí

- An chaoi saincheist a aithint sula mbeidh sí ina fadhb a fhoghlaim
- Príomhghníomhaíochtaí agus príomhfheidhmeanna Boird Bainistíochta a aithint
- Réimsí a bhfuil an seans ann go dtiocfaidh saincheisteanna chun cinn a aithint
- Gníomhú roimh ré chun rioscaí a laghdú agus fadhbanna a sheachaint.

Sleamhnán 2

Na topaicí a dtabharfar aghaidh orthu:

1. Forbhreathnú ar fhoinsí ina bhfuil breithnithe dlí ábhartha
2. Na dualgais agus freagrachtaí atá ar Bhord Bainistíochta
3. Coinneáil taifead agus Cosaint Sonraí
4. Riachtanais a bhaineann le hOideachas Speisialta
5. Polasaithe Scoile & Achomhairc faoi Alt 29

Sleamhnán 3

Forbhreathnú

Sleamhnán 4

- Forbhreathnú ar Struchtúr an Oideachais in Éirinn
- An bunús atá ag ról, dualgais agus oibleagáidí an Bhoird
- Déileáil le saincheisteanna agus fadhbanna

Sleamhnán 5

Forbhreathnú ar Struchtúr an Oideachais

An tAire – polasaí ar an iomlán

Patrún – Bord Bainistíochta - Scoil

Príomhoide

Sleamhnán 6

Foinsí Dhualgais an Bhoird

- **Reachtaíocht a bhaineann le hOideachas**
 - An tAcht Oideachais 1998
 - An tAcht Oideachais (Forálacha Ilghnéitheacha) (2007)
 - An tAcht Oideachais do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta orthu (2004)
 - An tAcht Oideachais (Leas) (2000)
 - An tAcht Oideachais (Leasú) 2012
 - Na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta (2001, 2006) & leasuithe san Acht Oideachais (Leasú) 2012
- **Reachtaíocht a bhaineann le Fostaíocht**
 - An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocráithe) 2003
 - An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (2005, 2007)
- **Reachtaíocht a bhaineann le Comhionannas**
 - An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta 1998
 - Na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000 - 2008

Sleamhnán 7

Foinsí Dhualgais an Bhoird- ar lean

- **Reachtaíocht Ghinearálta**
 - An tAcht um Chlúmhilleadh 2009
 - An tAcht um Dhliteanas Áititheoirí 1995
 - Na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003
- **Cásdlí na gCúirteanna agus na mBinsí**
- **Ciorcláin agus Rialacha na Roinne:**
 - Rialacha na mBunscoileanna 1965 (a mhéid a bhfuil feidhm leo faoi láthair)
 - *Comhdhéanamh na mBord & na Rialacha Imeachta 2011* de chuid na Roinne Oideachais
 - Ciorcláin na Roinne Oideachais (Láithreáin ghréasáin na Roinne Oideachais, Chomhlachtaí Bainistíochta & an INTO)

Sleamhnán 8

Nuair a thagann saincheist chun cinn...

- Comhairle dlí a iarraidh má tá údar leis
- Seiceáil an bhfuil polasaí ag an scoil cheana féin
 - An bhfuil muinín agat go bhfuil an polasaí ag teacht le reachtaíocht, treoirlínte etc?
 - Ar leanadh na nósanna imeachta?
- Eolas mionsonraithe a bhailiú
- Deis a thabhairt do pháirtithe a gcás(anna) a chur i láthair
- Cinneadh eolasach a dhéanamh tar éis an t-ábhar a mheas
- An cinneadh a chur in iúl
- Taifid chruinne a choinneáil

Sleamhnán 9

Nuair a thagann saincheist chun cinn

- Seiceáil ciorcláin agus láithreán gréasáin na Roinne Oideachais & Scileanna
- Comhdhéanamh na mBord & na Rialacha Imeachta – An Roinn Oideachais & Scileanna – 2011
- Téigh i gcomhairle le comhlacht bainistíochta na scoile más cuí
- Pátrún/Rúnaí na Deoise
- Faigh comhairle phroifisiúnta, mar shampla má fhaightear litir dlíodóra.

Sleamhnán 10

Roinnt láithreán gréasáin...

- www.cpsma.ie
- www.education.ie
- www.nabmse.ie
- www.gaelscoileanna.ie
- www.foras.ie
- www.educatetogether.ie
- www.into.ie
- www.equality.ie
- www.npc.ie
- www.hsa.ie

Sleamhnán 11

Dualgais Boird Bainistíochta

Sleamhnán 12

Dualgais & Freagrachtaí an Bhoird Bainistíochta i Réimsí Sainiúla

- Oideachas
- Plean na Scoile
- Bainistíocht na Scoile
- Fostóir Fhoireann na Scoile
- Áititheoir Áitreabh na Scoile
- Reachtaíocht Comhionannais
- Sláinte agus Sábháilteacht
- Tuairisciú Éigeantach (Cosaint an Linbh & Gadaíocht / Calaois)

Sleamhnán 13

Dualgais an Bhoird Bainistíochta – Oideachas

Alt 15 den Acht Oideachais 1998

- An scoil a bhainistiú thar ceann an Phátrúin
- Oideachas cuí a sholáthar nó a chur faoi deara é a sholáthar do gach dalta sa scoil
- Spiorad sainiúil na scoile a chosaint
- Dul i gcomhairle leis an bpátrún agus é nó í a choinneáil ar an eolas
- Polasaithe a fhoilsiú maidir le daltaí a admháil, a dhíbirt, a chur ar fionraí, agus maidir le rannpháirtíocht daltaí atá faoi mhíchumas.

Sleamhnán 14

Dualgais an Bhoird Bainistíochta – Oideachas ar lean

- Alt 9 den Acht Oideachais 1998
 - Riachtanais oideachais gach dalta a aithint, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil míchumas acu, agus soláthar a dhéanamh dóibh
 - Forbairt mhorálta, spioradálta, shóisialta agus phearsanta daltaí a chur chun cinn *de réir spiorad sainiúil na scoile*
 - Forbairt na Gaeilge a chur chun cinn
 - Comhionannas deiseanna a chur chun cinn do dhaltaí agus d'fhoireann na scoile, idir fhireannaigh agus bhaineannaigh
 - Cinntiú go mbeidh rochtain ag mic léinn atá níos sine ná 18 agus ag tuismitheoirí ar thaifid a bhaineann le dul chun cinn an mhic léinn
 - Córais a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht oibríochtaí na scoile, lena n-áirítear caighdeáin acadúla
 - Cinntiú go bhfuil an oideachas atá á chur ar fáil sa scoil ag teacht leis an gcuraclam agus le polasaithe an aire.

Sleamhnán 15

Dualgais an Bhoird Bainistíochta – Plean Scoile

Plean Scoile – Alt 21 den Acht Oideachais 1998

- Ní mór don Bhord Plean Scoile a ullmhú, a athbhreithniú agus a nuashonrú
- Sonróidh sé cuspóirí na scoile maidir le comhionannas rochtana agus rannpháirtíocht sa scoil dóibh siúd a bhfuil míchumais orthu nó riachtanais speisialta oideachais, agus na bearta a bheartaíonn an scoil a ghlacadh chun na cuspóirí sin a bhaint amach.
- Ní mór an plean a scaipeadh ar an bhfoireann, daltaí, tuismitheoirí etc.
- Ullmhófar an plean scoile de réir cibé ordachán, lena n-áirítear ordacháin a bhaineann le comhchomhairle le tuismitheoirí, pátrún, foireann agus mic léinn na scoile, a thabharfaidh an tAire ó am go ham i ndáil le pleananna scoile.

Sleamhnán 16

| | |
|--|--|
| | <p><u>Plean Scoile: Clár na nÁbhar</u></p> <p>Sonraí Ginearálta na Scoile....</p> <p>Fis agus Aidhmeanna.....</p> <p>Polasaithe Eagrúcháin....</p> <p>Pleananna Curaclaim.....</p> <p>Nósanna Imeachta & Cleachtais...</p> <p>Rannán Forbartha.....</p> |
|--|--|

Sleamhnán 17

Dualgais an Bhoird Bainistíochta – Bainistíocht na Scoile

- Tarmlichtear bainistíocht laethúil na foirne agus na scoile don Phríomhoide de réir Alt 23(2) den Acht Oideachais 1998
- Tá an Bord freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chúrsaí airgeadais na scoile agus as cuntais chúí a choinneáil
- Ní mór don Bhord a chinntiú go bhfuil polasaithe árachais cuí ann.

Sleamhnán 18

Dualgais an Bhoird Bainistíochta – An Bord mar Fhostóir

- Is é an Bord Bainistíochta fhostóir na foirne, cé go n-íocann an Roinn Oideachais an fhoireann múinteoireachta
- Tá an Bord Bainistíochta freagrach faoin dlí as gníomhartha fostaíthe na scoile – fiú nuair a íocann an Roinn Oideachais an fhoireann
- Is é an Bord an fhostóir chun críche reachtaíocht Comhionannais agus Sláinte & Sábháilteachta.

Sleamhnán 19

Dualgais an Bhoird Bainistíochta – An Bord mar Fhostóir

An tAcht um Choinníollacha Fostaíochta (Faisnéis) 1994

- Ní mór Ráiteas a thabhairt do gach fostaí a mbeidh a T(h)éarmaí Fostaíochta sonraithe air laistigh de 2 mhí ó thús na fostaíochta
- Ní mór don Ráiteas a bheith i scríbhinn ach tá an leagan amach solúbtha – d'fhéadfadh sé a bheith i bhfoirm conartha sínithe nó díreach ráiteas
- Ní mór sonraí a bheith ann faoi chéannacht an fhostóra, modh, méid agus minicíocht na híocaíochta tuarastail, sonraí an fhostaí agus a ról, sonraí faoi shaoire breoiteacha, bhliantúil etc.
- Mura gcomhlíonfar leis na téarmaí, d'fhéadfadh Coimisinéir um Chearta dámhachtain suas le 4 seachtaine pá a dhéanamh i gcoinne fhostóra.

Sleamhnán 20

Dualgais an Bhoird Bainistíochta – An Bord mar Fhostóir

An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2003

- Tá oibríthe ar théarma socraithe i dteideal eolas a fháil ag am athnuachana an chonartha maidir leis na fáthanna nach mbeidh siad ag fáil conartha buan
- D'fhéadfadh oibríthe ar théarma socraithe a fhostaítear faoi shraith conarthaí téarma socraithe ar ionann iad agus tréimhse níos faide ná 48 mí a bheith i dteideal conartha bhuaín de réir dlí
- Ní féidir caitheamh le hoibríthe ar théarma socraithe le níos lú fabhair ná baill foirne bhuaína incomparáidithe agus tá siad i dteideal an eolais chéanna freisin maidir le folúntais agus arduithe céime etc.

Sleamhnán 21

Dualgais an Bhoird Bainistíochta – An Bord mar Fhostóir

An tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) 2003

- Tá oibríthe ar théarma socraithe i dteideal eolas a fháil ag am athnuachana an chonartha maidir leis na fáthanna nach mbeidh siad ag fáil conartha buan
- D'fhéadfadh oibríthe ar théarma socraithe a fhostaítear faoi shraith conarthaí téarma socraithe ar ionann iad agus tréimhse níos faide ná 48 mí a bheith i dteideal conartha bhuaín de réir dlí
- Ní féidir caitheamh le hoibríthe ar théarma socraithe le níos lú fabhair ná baill foirne bhuaína incomparáidithe agus tá siad i dteideal an eolais chéanna freisin maidir le folúntais agus arduithe céime etc.

Sleamhnán 22

Dualgais an Bhoird Bainistíochta An tAcht um Dhliteanas Áititheoirí

- Is é an Bord áititheoir dleathach áitreabh na scoile
- Tá dualgas cúraim ag an mBord do gach duine a théann isteach ar áitreabh na scoile (foirgnimh agus tailte)
- Beidh leibhéal an dualgais cúraim sin ag brath ar na daoine a bheith ann le cead/gan cead & agus ar an údar atá acu a bheith ann
- Caithear ar bhealaí éagsúla le Cuairteoirí, Úsáideoirí Caithimh Aimsire agus le Foghlaithe.

Sleamhnán 23

Dualgais an Bhoird Bainistíochta An tAcht um Dhliteanas Áititheoirí

- Ba cheart don Bhord a bheith aireach orthu siúd a mbaineann úsáid as tailte na scoile, na críocha atá leis na húsáideanna sin, agus ar na contúirtí a mbaineann leis na tailte, más ann dóibh
- Ní mór don Bhord glacadh le céimeanna chun daoine a chosaint ó na contúirtí sin
- Ligeann Alt 5 den tAcht um Dhliteanas Áititheoirí d'áititheoirí an dualgas atá orthu i leith cuairteoirí a laghdú trí fhógra a thaispeáint in áit fheiceálach ag an mbealach isteach go dtí an áitreabh.

Sleamhnán 24

Dualgais an Bhoird Bainistíochta – Reachtaíocht Comhionannais

- Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 agus 2004
 - Cuireann sé cosc ar idirdhealú san ionad oibre, agus i réimse na hearcaíochta, ardaithé céime agus maidir le téarmaí agus coinníollacha
- Na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000 go 2011
 - Cuireann sé cosc ar idirdhealú maidir le soláthar seirbhísí (lena n-áirítear scoileanna a bheith ag soláthar seirbhísí).

Sleamhnán 25

Dualgais an Bhoird Bainistíochta – Reachtaíocht Comhionannais

Na forais a bhfuil cosc ar idirdhealú orthu

- Inscne
- Stádas Pósta / Sibhialta
- Stádas teaghlaigh
- Claonadh gnéis
- Creideamh
- Aois
- Míchumas
- Cine
- Duine den lucht siúil

Sleamhnán 26

Dualgais an Bhoird Bainistíochta – Reachtaíocht Comhionannais

- Díolúintí do scoileanna – rollú
 - Is féidir le scoileanna aonghnéis diúltú daltaí den ghnéas eile a admháil
 - Is féidir le scoileanna creidimh tús áite a thabhairt do rollú daltaí a mbaineann le creidimh áirithe nuair atá an diúltú “riachtanach chun eiteas na scoile a choinneáil”
 - NB – má tá scoil ag brath ar cheachtar den dá dhíolúine, ní mór dó a bheith leagtha amach go soiléir i bpolasaí iontrála na scoile
- Díolúintí do scoileanna – fostaíocht
 - A bheith i bhfabhar ball foirne a mbaineann le creideamh ar leith chun eiteas creidimh na scoile a choinneáil

Sleamhnán 27

Dualgais an Bhoird Bainistíochta – Sláinte agus Sábháilteacht

- Ní mór don fhostóir sábháilteacht, sláinte agus leas a fhostaithe ag an obair a chinntiú
- Ní mór don fhostóir dóthain eolais, oiliúna, treoracha agus maoirseachta a sholáthar do gach fostaí
- Ní mór do na córais oibre san ionad oibre a bheith sábháilte
- Ní mór don fhostóir iompar míchuí nó míshábháilte fostaí a chosc
- Gléasra, trealamh agus innealra sábháilte

Sleamhnán 29

Dualgais an Bhoird Bainistíochta – Sláinte agus Sábháilteacht

- Ní mór don fhostóir measúnú riosca a dhéanamh agus ráiteas sábháilteachta a bheith aige ina sonrófar na rioscaí atá aitheanta, nósanna imeachta/bearta cosanta, pleananna éigeandála etc.
- D’fhéadfadh fostaíte Ionadaí Sábháilteachta a fhostú chun ionadaíocht a dhéanamh d’fhostaithe maidir le saincheisteanna agus fadhbanna Sláinte & Sábháilteachta
- Ráiteas sábháilteachta scríofa
- Gach timpiste agus eachtra a thaifead
- Aon timpiste nó eachtra a bhfuil sé mar thoradh uirthi go bhfuil fostaí as láthair ón ionad oibre ar feadh 3 lá a thuairisciú don Udarás Sláinte agus Sábháilteachta.

Sleamhnán 30

Dualgais an Bhoird Bainistíochta – Dualgas Cúraim Ginearálta

- Chomh maith le dualgais reachtúla, tá dualgas cúraim ginearálta ag Bord Bainistíochta dá fhoireann ar fad, dá dhaltaí agus do dhuine ar bith ar áitreabh na scoile nó a bhfuil baint acu leis an scoil
- Bíonn sé seo ábhartha sna réimsí seo:
 - Maoirseacht sa chlós súgartha agus i gcúrsaí spóirt
 - Úsáid an áitribh i ndiaidh uaireanta scoile (úsáid neamhúdaraithé ach go háirithe)
 - Dlíteanas as trealamh scoile atá briste/imithe as feidhm
 - Mainneachtain déileáil le saincheisteanna a raibh an scoil ar an eolas fúthu agus a d’fhéadfadh a bheith ina n-údar díobhála ina dhiaidh sin (e.g. fadhbanna leanúnacha bulaíochta, saincheisteanna maidir le cosaint leanaí etc.)

Sleamhnán 31

Dualgais an Bhoird Bainistíochta – Tuairisciú Éigeantach

- *An tAcht um Cheartas Coiriúil 2011*
 - Ní mór eolas faoi chionta a bhaineann le gadaíocht nó le calaóis a thuairisciú do na Gardaí. Is cion é gan é a dhéanamh.
 - Clúdaíonn an tAcht eolas a d’fhéadfadh a bheith cabhrach do na Gardaí chun coir a chosc nó chun an duine atá freagrach as a ionchúiseamh
 - Cuimsíonn sé gadaíocht, earraí nó seirbhísí a fháil trí chalaóis, cionta áirithe a bhaineann le bradaíl ríomhaireachta, cionta calaíse etc.

Sleamhnán 32

Dualgais an Bhoird Bainistíochta – Tuairisciú Éigeantach

An tAcht um Cheartas Coiriúil (Faisnéis Faoi Chionta in Aghaidh Leanai agus Aosaigh Shoghonta a Choimeád Siar) 2012

- Tá forálacha an Achte [sa bhreis](#) ar Nósanna Imeachta na Roinne Oideachais maidir le Cosaint Leanai
- Baineann sé le gach cion gnéis agus foréigneach i gcoinne leanai agus aosach soghonta
- Is cion anois é gan faisnéis a thuairisciú do na Gardaí a d’fhéadfadh a bheith ina “cabhair ábhartha” chun duine a rinne a leithéid de chion a ghabháil nó a ionchúiseamh
- D’fhéadfadh tuairisciú do na Gardaí a bheith riachtanach i gcásanna áirithe (chomh maith le tuairisciú don HSE faoi Nósanna Imeachta na Roinne Oideachais maidir le Cosaint Leanai)
- Eisceachtaí an-teoranta (agus casta).

Sleamhnán 33

Coinneáil Taifead, Cosaint Sonraí & Saoráil Faisnéise

Sleamhnán 34

Saincheistenna...

- Láithreán gréasáin a thugann treoir maidir le Cosaint Sonraí
- Prionsabail a bhaineann le Cosaint Sonraí
- Oibleagáidí maidir le Coinneáil Taifead
- Rochtain ar Fhaisnéis agus ar Shonraí
- Sonraí a Nochtadh do Thríú Páirtithe
- Grianghraif Leanaí a Thógáil
- An tAcht um Shaoráil Faisnéise

Sleamhnán 35

Taifid - Treoirínte do Scoileanna maidir le Cosaint Sonraí

Tá Comhlachtaí Bainistíochta ag ullmhú treoirínte mionsonraithe do scoileanna maidir le cosaint sonraí. Is gearr go mbeidh an tionscnamh críochnaithe. A luaithe is a bheidh na treoirínte faofa ag Oifig an Choimisinéara um Chosaint Sonraí, beidh fáil orthu ar láithreán gréasáin sainchuspóra a mbeidh scoileanna in ann rochtain a fháil air.

Sleamhnán 36

Taifid/Prionsabail an Chosaint Sonraí

I gcás sonraí pearsanta, ní mór dóibh:

1. A bheith faighte agus próiseáilte go cothrom
2. Coinnithe chun críche cuspóir amháin nó níos mó atá sonraithe agus dleathach
3. A bheith á n-úsáid agus á nochtadh ar bhealach atá ag teacht leis an gcuspóir a bhí le bailiú na sonraí
4. Ba cheart glacadh le bearta cuí chun na sonraí a choinneáil sábháilte agus slán
5. A bheith iomlán, cruinn, nuashonraithe
6. A bheith dóthanach, ábhartha agus gan a bheith iomarcach
7. Gan a bheith coinnithe ar feadh tréimhse níos faide ná mar is gá
8. A bheith curtha ar fáil don duine a mbaineann siad leis nó léi ach iad á n-iarraidh.

Sleamhnán 37

Céard iad Sonraí Pearsanta?

Baineann na hAchtanna um Shonraí Pearsanta le

- Sonraí Pearsanta
 - ar faisnéis ar bith í a bhaineann le daoine beo atá inaitheanta
- Sonraí Pearsanta Íogaireacha lena n-áirítear
 - Bunús ciníoch/eitneach
 - Tuairim pholaitiúil
 - Creideamh reiligiúnach nó creidimh eile
 - Sláinte fhisiciúil/meabhrach
 - Saol gnéis
 - Eolas maidir le gníomhaíocht choiriúil

Sleamhnán 38

Rochtain ar Fhaisnéis

Tá coinneáil taifead agus nochtadh faisnéise ag scoileanna á rialú ag líon reachtaíochta eile.

- Alt 4 den Acht um Chosaint Sonraí 1988
- Alt 9(g) den Acht Oideachais 1998
- Alt 28 den Acht Oideachais (Leas) 2000
- An tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997

Sleamhnán 39

Rochtain ar thaifid Alt 9 (g) den Acht Oideachais

"Úsáidfidh scoil na hacmhainní a bheidh ar fáil di chun a chinntiú go mbeidh rochtain sa mhodh forordaithe ag tuismitheoirí mic léinn nó, i gcás mic léinn a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige nó aici, ag an mac léinn, ar thaifid a choimeádann an scoil sin i ndáil le dul chun cinn an mhic léinn sin i dtaca lena oideachas nó lena hoideachas

Sainmhíniú ar Thuismitheoir san Acht Oideachais 1998 – foláionn "tuismitheoir" tuismitheoir altrama, caomhnóir arna ch eapadh nó arna ceapadh faoi na hAchtanna um Chaomhnóireacht Leanaí, 1964 go 1997, nó duine eile a bheidh ag gníomhú in loco parentis agus a bhfuil leanbh faoina chúram nó faoina chúram faoi réir aon chumhachta reachtúla nó ordaithe cúirte agus, i gcás linbh a uchtaíodh faoi na hAchtanna Uchtála, 1952 go 1998, nó, i gcás gur uchtaíodh an leanbh lasmuigh den Stát, ciallaíonn sé an t-uchtaitheoir nó na huchtaitheoirí nó an t-uchtaitheoir marthanach;

Sleamhnán 40

Rochtain ar Thaifid Alt 4, An tAcht um Chosaint Sonraí

- Is féidir leis an duine is ábhar do na sonraí cóipeanna a iarraidh de na sonraí pearsanta uile atá á gcoinneáil ag an rialaitheoir sonraí de láimh nó go huathoibríoch
- Ní mór an t-eolas a iarrrar a thabhairt don duine is ábhar do na sonraí laistigh de 40 lá
- Ní mór na tagairtí go léir do thríú páirtithe a ghlanadh amach
- Tá roinnt díolúintí ann – m.sh. ní cóir cáipéisí atá faoi phribhléid dlí a thabhairt don duine

Sleamhnán 41

Sonraí a Nochtadh (do Scoileanna Eile)

Ait 20, An tAcht Oideachais (Leas) 2000

Cuirfidh príomhoide scoile an príomhoide sa chéad scoil eile ar a mbeidh an dalta ag freastal ar an eolas maidir le...

- fadhbanna ar bith i dtaca le freastal scoile
- cibé nithe eile is cuí leis nó léi maidir le dul chun cinn oideachasúil an linbh

Ait 28, An tAcht Oideachais (Leas) 2000

- Féadfaidh rialaitheoir sonraí ... sonraí pearsanta ... a sholáthar do rialaitheoir sonraí comhlachta fhorordaithe eile
- Chun críche iomchuí amháin
- Is ionann críoch iomchuí agus stair nó dul chun cinn oideachasúil duine a thaifead lena fháil amach conas is féidir cabhrú leis nó léi a lánchumas oideachasúil a fhorbairt.

Sleamhnán 42

Taifid – Sonraí a Nochtadh (do thríú páirtithe)

- Leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí, toirmiscear nochtadh sonraí pearsanta ar bith gan cead ón duine is ábhar do na sonraí ach amháin i gcásanna atá sonraithe go speisialta:

- I gcás ina n-éilítear nochtadh le rialú dlí nó le hordú Cúirte
- I gcás ina bhfuil an nochtadh de dhíth go práinneach le gortú duine nó damáiste tromchúiseach do mhaoin a chosc
- I gcás ina bhfuil an nochtadh de dhíth le comhairle dlí a fháil.

Sleamhnán 44

Taifid – Grianghraif de Pháistí a Thógáil

- Ní mór cead a fháil ó thuismitheoir i scríbhinn roimh ré má tá an scoil le hiomhánna de dhaltaí a thógáil / úsáid (m.sh. le cur i leabhar bliana na scoile, i bhfíseán de cheolchoirm, ar an suíomh gréasáin srl).
- Ní bhaineann na hAchtanna um Chosaint Sonraí le grianghraif tógtha ag daltaí nó tuismitheoirí ag imeachtaí scoile ar chúiseanna pearsanta, teaghlach nó áineasa.

Sleamhnán 45

An tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997

- Níl bunscóileanna faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise ach seans go mbeidh amach anseo
- Sa chás ina scríobhann scoil chuig gníomhaireacht atá faoi réir an Achta (*m.sh. FSS, an ROS*), tá gach féidearthacht ann go scaoilfí comhfhreagras na scoile ina dhiaidh sin mar chuid d'iaratas Saorála Faisnéise a chuirfí chuig an ngníomhaireacht.

Sleamhnán 46

Riachtanais Speisialta Oideachais

Mórcheisteanna...

- An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu 2004
- Príomhshruthú
- Riachtanais a Mheasúnú – Pleananna Oideachais don Dalta Aonair
- Beartais Iontrála
- Socruithe faoi choinne acmhainní breise

Sleamhnán 47

Sleamhnán 48

An tAcht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (2004)

Cinnteoigh an Bord Bainistíochta....

- Go gcuirfear oideachas ar pháiste a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige/aici i dtimpeallacht uileghabhálach le páistí eile nach bhfuil riachtanais den chineál céanna acu
- Go gcuirfear tuismitheoirí an dalta a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige/aici ar an eolas go bhfuiltear ag freastal ar riachtanais a bpáiste
- Go rachfar i gcomhairle le tuismitheoirí maidir le gach cinneadh suntasach a bhaineann le hoideachas a bpáiste, agus go mbeidh cuireadh acu a bheith páirteach sna cinntí sin.

Sleamhnán 50

Clárú páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu...

Toimhde an príomhshruthaithe...

Is féidir le scoileanna caitheamh ar dhóigh dhifriúil le daltaí atá faoi mhíchumas (taobh amuigh den díolúine ó chostas ainmniúil) sa chás amháin ina bhfuil sé dodhéanta seirbhísí oideachasúla a sholáthar go héifeachtúil do dhaltaí eile nó i gcás ina bhfuil drochthionchar tromchúiseach ag an míchumas ar an soláthar oideachais don pháiste féin atá faoi mhíchumas.

Más amhlaidh a sholáthraíonn an Stát deontais nó deontais i gcabhair chun caitheamh go speisialta le páiste nó chun áiseanna speisialta a chur ar fáil dó/di, seans go mbeidh iachall ar an soláthraí seirbhísí (an scoil) na deontais seo a lorg.

Sleamhnán 51

RSOanna - Riachtanais Pháiste a Mheasúnú

- Plean Oideachais don Duine Aonair (IEP) – níl a leithéid éigeantach (fós) faoi Acht EPSEN, ach seans go mbeidh sé de dhíth le hacmhainní a fháil le go mbeidh an scoil in ann a gcuid dualgas a chomhlíonadh faoi reachtaíocht chomhionannais.
- Bíonn riachtanais an pháiste, cláir agus struchtúir theagaisc, spriocanna, taifid ar dhul chun cinn srl leagtha amach sa Plean Oideachais don Dalta Aonair.
- Tá ceanglais na Roinne maidir leis an measúnú a bhíonn le déanamh ag an Eagraitheoir RSOanna (SENO) ar riachtanais páiste aonair i dtaca le riachtanais leighis, laigí fisiciúla/céadfaíochta nó iompar contúirteach leagtha amach i gCiorclán 09/2009. De ghnáth is trí mheasúnú agus Plean Oideachais don Dalta Aonair a dhéantar é seo.

Sleamhnán 52

Socruithe maidir le hAcmhainní Breise

- Tá tuairiscí siceolaíochta agus eile ina gcuidiú ag scoileanna le riachtanais oideachais agus oiliúna an dalta a aithint agus lena dhéanamh amach cad iad na seirbhísí tacaíochta atá de dhíth.
- Is féidir leis an mBord Bainistíochta a iarraidh go ndéanfar measúnú ar dhalta láithreach muna bhfuil measúnú ar bith ar fáil.
- Is é an BB a mheasann conas is féidir leis an scoil freastal ar riachtanais sin an dalta atá leagtha amach sa tuairisc.
- Má tá acmhainní breise de dhíth, ní mór don BB a iarraidh ar an Roinn, sula gcláraítear an páiste, na hacmhainní sin a chur ar fáil .i. múinteoir acmhainne, cúntóir riachtanais speisialta, troscán agus trealamh speisialta, seirbhísí iompair srl.
- Cláraigh an páiste agus gabh ar lorg acmhainní.

Sleamhnán 53

Riachtanais Speisialta – Beartais Iontrála

- Más amhlaidh a fhreastalaíonn an scoil ar riachtanais speisialta, ní mór tosaíochtaí a chur in iúl go soiléir i mbeartas cláraithe na scoile .i. go bhfreastalaíonn an scoil ar pháistí a bhfuil deacrachtaí éisteachta acu ach ní ar pháistí a bhfuil an t-uathachas go trom orthu.
- I dtaca le clárú daltaí a bhfuil RSOanna acu, ní féidir coinníollacha a chur i bhfeidhm a bhaineann leis an scoil acmhainní riachtanacha na Roinne ná acmhainní cliniciúla a fháil.

Sleamhnán 54

Beartais Scoile

Sleamhnán 55

Mórchheisteanna...

- Beartas Cláraithe / Iontrála
- Cód Iompair agus Díbirtí agus Fionraíochtaí
- Gnáthamh Achomhairc, Alt 29

Sleamhnán 56

Beartais – Beartais éigeantacha scoile

- Alt 15(2)(d) An tAcht Oideachais 1998
 - Iontráil agus Rannpháirtíocht sa scoil
 - Díbirt agus Fionraíocht
 - Rannpháirtíocht daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu / atá faoi mhíchumas
- Alt 23(1) An tAcht Oideachais (Leas) 2000
 - Cód Iompair

Sleamhnán 57

Beartas Iontrála – Prionsabail Threoracha

Prionsabail atá leagtha amach san Acht Oideachais

Uileghabhálacht

- Go háirithe i dtaca le clárú páistí atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta eile oideachais acu

Comhionannas

- 9 réimse

Rogha na dTuismitheoirí

- Maidir le roghnú scoile agus sainmheon na scoile

Meas

- Éagsúlacht luachanna, creideamh, traidisiún, teangacha agus cineálacha saoil

Sleamhnán 59

Beartas Iontrála – An Chumhacht le hIontráil a Dhiúltú

- Ní féidir le scoil iarratas ar chlárú/iontráil a dhiúltú ach amháin sa chás ina mbeidh an cinneadh sin de réir bheartas cláraithe na scoile – Alt 19(1) den Acht Oideachais (Leas) 2000:

19.—(1) Ní dhiúltóidh bord bainistíochta scoile aitheanta leanbh a ligean isteach mar mhac léinn sa scoil sin, ar leanbh é nó í a mbeidh iarratas chun é nó í a ligean isteach amhlaidh déanta ina leith, ach amháin i gcás ina mbeidh an diúltú sin de réir bheartas na scoile aitheanta lena mbaineann, arna fhoilsiú faoi alt 15(2) (d) d'Acht 1998.
- Ní féidir le scoil iarratas ar chlárú a dhiúltú ar aon chúis eile taobh amuigh de na cúiseanna sin atá leagtha amach i mbeartas cláraithe na scoile (nó sa reachtaíocht)

Sleamhnán 60

Cad é a chaithfear a chur i mBeartas Iontrála?

- Sonraí faoi na céimeanna sa phróiseas – amlíne, gnáthamh, dátaí iarratais, agallamh, foirmeacha srl.
- Sonraí ar na critéir chláraithe sa chás ina bhfaighfear níos mó iarratas ná áiteanna atá ar fáil – éiteas, scoilcheantar, deartháireacha nó deirfiúracha sa scoil cheana féin srl.
- Cé nach sárú ar reachtaíocht chomhionannais iad scoileanna aonghnéis, ní mór do scoileanna den sórt sin a leagan amach ina mbeartais iontrála nach ligfidh siad isteach ach buachaillí amháin nó cailíní amháin.
- Is féidir achomhairc a dhéanamh faoi Alt 29 (An tAcht Oideachais 1998)

Sleamhnán 61

Cód Iompair – Ábhair Riachtanacha

An tAcht Oideachais (Leas) 2000 – Alt (23) (2)

Sonrófar na nithe seo a leanas i gcód iompair—

- (a) na caighdeáin iompair a bheidh le hurramú ag gach mac léinn atá ag freastal ar an scoil;
- (b) na bearta a fhéadfar a dhéanamh nuair a mhainneoidh nó nuair a dhiúltoídh mac léinn na caighdeáin sin a urramú;
- (c) na nósanna imeachta a bheidh le leanúint sula bhféadfar mac léinn a chur ar fionraí nó a dhíbirt as an scoil lena mbaireann;
- (d) na forais chun deireadh a chur le fionraí a forchuireadh i ndáil le mac léinn; agus
- (e) na nósanna imeachta a bheidh le leanúint i ndáil le fógra maidir le leanbh a bheith as láthair ón scoil.

Sleamhnán 64

Cód Iompair – Riachtanais Fógartha

Alt 24 – An tAcht Oideachais (Leas)

Ní mór don phríomhoide an tOifigeach Leasa Oideachais a chur ar an eolas i scríbhinn má tá dalta le díbirt.

Alt 21

Ní mór don phríomhoide an tOifigeach Leasa Oideachais a chur ar an eolas i scríbhinn má tá dalta le cur ar fionraí ar feadh 6 lá nó níos mó.

Alt 18

Ní mór do thuismitheoirí an scoil a chur ar an eolas i gcás ina bhfuil an páiste as láthair ar feadh lae nó cuid de lá de réir an ghnáthaimh atá leagtha amach sa Chód Iompair.

Sleamhnán 65

Cód Iompair agus Clárú

- Ní mór Cód Iompair a thabhairt do na thuismitheoirí nuair a chláraíonn an páiste.
- Go dlíthiúil, féadfaidh an Príomhoide iachall a chur ar thuismitheoirí glacadh i scríbhinn leis an gCód Iompair sula bhféadfar páiste a chlárú.
 - Ní léir cad é staid na scoile a bhíonn ag brath ar fhuarlitir na forála seo. Moltar do scoileanna a bheith i dteagmháil le thuismitheoirí go leanúnach faoi chúrsaí disciplín agus faoin gCód Iompair.

Sleamhnán 66

Cód Iompair agus Clárú

- Ní mór Cód Iompair a thabhairt do na thuismitheoirí nuair a chláraíonn an páiste.
- Go dlíthiúil, féadfaidh an Príomhoide iachall a chur ar thuismitheoirí glacadh i scríbhinn leis an gCód Iompair sula bhféadfar páiste a chlárú.
 - Ní léir cad é staid na scoile a bhíonn ag brath ar fhuarlitir na forála seo. Moltar do scoileanna a bheith i dteagmháil le thuismitheoirí go leanúnach faoi chúrsaí disciplín agus faoin gCód Iompair.

Sleamhnán 67

Achomhairc Alt 29

Sleamhnán 68

Achomhairc Alt 29 – Léargas Ginearálta

- Forálann Alt 29, an tAcht Oideachais, d'achomhairc chuig Ard-Rúnaí na ROS maidir le cinntí áirithe arna ndéanamh ag Bord Bainistíochta.
- Cinntí ar féidir achomhairc a dhéanamh ina leith, faoi láthair, faoi ghnáthamh Alt 29:
 - Díbirt
 - Fionraíocht ar feadh tréimhse a d'fhágadh go mbeadh 20 lá fionraíochta nó níos mó san iomlán i gceist le linn scoilbhliana
 - Diúltú a thabhairt páiste a chlárú

Sleamhnán 69

Alt 29 – Gnáthamh Achomhairc

- Nuair a chuireann an BB a chinneadh in iúl do thuismitheoirí, ní mór iad a chur ar an eolas faoina gceart achomhairc a dhéanamh faoi Alt 29.
- Caithfear achomhairc a dhéanamh i scríbhinn ar an bhfoirm chaighdeánach iarratais atá ar fáil ar www.education.ie (Forms).
- Ní mór achomhairc a bheith istigh leis an Aonad Riartha Achomhairc, an Roinn Oideachais agus Scileanna, laistigh de 42 lá ón dáta ar a bhfaightear cinneadh an BB.
- Ba cheart don duine atá ag iarraidh achomhairc an Bord Bainistíochta a chur ar an eolas.
- Ar na sonraí a bheidh ar an bhFoirm Achomhairc beidh dáta an chinnte, an cinneadh atá i gceist, ainm na scoile, ainmneacha an pháiste agus na dtuismitheoirí agus cóipeanna den chomhfhreagras uile.

Sleamhnán 70

Alt 29 – Céimeanna an Ghnáthaimh

- Cumarsáid ag leibhéal áitiúil idir an scoil agus na tuismitheoirí
- I gcásanna áirithe, ceapfaidh an Coiste Achomhairc éascaitheoir le cur leis an gcumarsáid sin
- Má theipeann ar an gcumarsáid go háitiúil (agus ar an éascú i gcás ina mbaintear úsáid as), ceapfaidh an tAire Coiste Achomhairc, ar a mbeidh triúr, le héisteacht leis an Achomhairc agus cinneadh a dhéanamh.

Sleamhnán 71

Alt 29 – Éisteacht an Achomhairc

- Socrófar dáta, am agus áit don éisteacht i gcomhairle leis na páirtithe uile.
- Cuirfear gach duine ar an eolas faoin gceart atá acu cáipéisíocht bhreise ar bith a thacaíonn lena gcás a chur isteach.
- Ionadaithe ón BB – is féidir leis an BB beirt bhall a ainmniú nó ball amháin agus an Príomhoide.
- Ionadaithe ó NEWB, má tá siad páirteach ann.
- Is féidir le gach páirtí beirt eile a thabhairt leo ach é sin a shocrú roimh ré leis an gCoiste.
- Ag an éisteacht beidh deis ag an dá thaobh a n-aighneachtaí a dhéanamh agus ceisteanna a chur ar a chéile, tríd an gCathaoirleach, maidir le pointí a ardófar.

Sleamhnán 72

Alt 29 Achomhairc – gnéithe a ghlacfaidh an Coiste Achomhairc san áireamh

- Cleachtais atá bunaithe sa scoil (i bhfianaise reachtaíochta, treoirínte srl.)
- Leas oideachasúil an dalta aonair agus daltaí eile sa scoil
- Feidhmiú agus bainistiú éifeachtach na scoile
- Polasaí an Phátrúin/an BB maidir le héiteas
- Ceisteanna eile de réir mar is cuí leis an gCoiste

Sleamhnán 73

Alt 29 Achomhairc – gnéithe a ghlacfaidh an Coiste Achomhairc san áireamh (ar lean)

- Iompar (nádúr, scála agus réim)
- A réasúnta a bhí an scoil ina n-iarrachtaí cuidiú leis an dalta
- Timpeallacht scoile a thacaíonn le cothú na foghlama
- Leanúnachas teagaisc sa seomra ranga a chinntiú
- Sábháilteacht, sláinte agus leas na múinteoirí agus na gcomhaltaí eile foirne
- Sábháilteacht, sláinte agus leas na ndaltaí
- Beartas iontrála, cód iompair agus beartais eile na scoile

Sleamhnán 74

Alt 29 – Cinneadh an Choiste Achomhairc

- Déanfar cinneadh maidir le hachomhairc i bhfianaise na bhfíricí a chuirfear i láthair agus glacfar san áireamh réimse leathan ceisteanna
- De ghnáth, cuirfear achomhairc i gcrích laistigh de 30 lá ón dáta a dhéantar an t-iarratas comhlánaithe
- Tá foráil ann le 14 lá a chur leis an tréimhse seo
- Cuirfear an cinneadh in iúl don Ard-Rúnaí
- Cuirfidh an tArd-Rúnaí an duine atá ag déanamh an achomhairc, an scoil agus NEWB, más páirtí san achomhairc é, ar an eolas faoin gcinneadh
- Féadfaidh an tArd-Rúnaí ordacháin cheangailteacha a thabhairt don BB

Sleamhnán 75

Cuimhnigh

- An clár a shíniú
- An measúnú a chomhlánú agus a thabhairt ar ais
- Dáileoga
- Socruithe don chéad seisiún oiliúna eile (*más cuí*)
- Ar na modúil eile atá ar fáil tá:
 - An Bord mar Aonán Corparáideach (*don bhord uile*)
 - Gnáthaimh Cheapacháin (*don Chathaoirleach agus don Phríomhoide*)
 - Cosaint Páistí (*don bhord uile*)
 - Léargas Ginearálta ar Reachtaíocht (*don bhord uile*)

Sleamhnán 76

Liosta Eagraíochtaí agus Acrainmneacha

Eagraíochtaí

| | |
|------------------------------|--|
| An Bord Oideachais | Bord Oideachais Eaglais na hÉireann, Teach Eaglais na hÉireann, Ascaill na hEaglaise, Ráth Maonais, Baile Átha Cliath 6 Teil: 01 497 8422 |
| CBBC | Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha, Teach Veritas, 7/8 Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1 Teil: 01 874 2171, 1850 – 407200 ríomhphost: info@cpsma.ie láithreán gréasáin: www.cpsma.ie |
| ROE | An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Sráid Marlborough, Baile Átha Cliath 1 Teil: 01 889 6400 ríomhphost: info@education.gov.ie láithreán gréasáin: www.education.ie |
| Ag Foghlaim le Chéile | Ag Foghlaim le Chéile, H8a Lárphointe, Céide na Darach, Baile Átha Cliath 12 Teil: 01 429 2500 ríomhphost: info@educatetogether.ie láithreán gréasáin: www.educatetogether.ie |
| Foras Pátrúnachta | Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge Teo, Bloc K3 Campus Gnó Mhaigh Nuad Maigh Nuad Co. Chill Dara Teil: 01 6294410 ríomhphost: foraspatrunachta@hotmail.com láithreán gréasáin: www.foras.ie |
| IMPACT | Ceardchumann: www.impact.ie |
| CMÉ | Cumann Múinteoirí Éireann: www.into.ie |
| LPBÉ | Líonra Phríomhoidí Bunscoile Éireann: www.ippn.ie |
| CNCM | An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, 24 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2 Teil: 01 661 7177 ríomhphost: info@ncca.ie láithreán gréasáin: www.ncca.ie |
| CNOS | An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, 1-2 Sráid an Mhuilinn, Baile Átha Troim, Co. na Mí. Teil: 046 948 6400 ríomhphost: info@ncse.ie láithreán gréasáin: www.ncse.ie |

| | |
|---|--|
| NCTE | Ionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 9. Teil: 01 700 8200 ríomhphost: info@ncte.ie láithreán gréasáin: www.ncte.ie |
| SFGM | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí 14 Slí Joyce Páirc Ghnó Park West Brothar Nangor Áth Cliath 12 Teil: 01 4358595 Láithreán gréasáin: www.pdst.ie |
| SNSO | An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, Cúirt Fhreidric, 24/27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath1 Teil: 01 889 2700 Láithreán gréasáin: www.education.ie |
| BNLO | An Bord Náisiúnta Leasa Oideachais, 16-22 Sráid na Faiche, Baile Átha Cliath 7 Teil: 01 8738700 ríomhphost: info@newb.ie láithreán gréasáin: www.newb.ie |
| STOS | Seirbhís Tacaíochta don Oideachas Speisialta, Ionad um Thacaíocht Oideachais Chorcaí, An Reachtaireacht, An Bóthar Thiar, Corcaigh. Teli: 1850 200 884 ríomhphost: info@sess.ie láithreán gréasáin: www.sess.ie |
| An Chomhairle Mhúinteoireachta | An Chomhairle Mhúinteoireachta, Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad, Co. Chill Dara Teil: LoCall 1890 224 224, 01 651 7900 ríomhphost: info@teachingcouncil.ie láithreán gréasáin: www.teachingcouncil.ie |
| Rannóg um Oideachas Múinteoirí (ROM) | Rannóg um Oideachas Múinteoirí, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Sráid Marlborough, Baile Átha Cliath 1 <i>Tá ról ag an aonad seo I ngach tionscnamh náisiúnta.</i> |

Acrainmneacha

| | |
|---|--|
| PC | Príomhoifigeach Cúnta |
| BB | Bord Bainistíochta |
| LP | Leas-Phríomhoide |
| DEIS | Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh i Scoileanna – plean gnímh le haghaidh cuimsiú oideachais |
| Tús Luath | Is clár bliain amháin é an Clár Tús Luath a chuirtear ar fail le haghaidh páistí idir 3-4 bliana d’aois i scoileanna atá roghnaithe i gceantair atá ainmnithe a bheith faoi mhíbhuntáiste |
| TBSP | Teagmháil idir Baile, Scoil agus Pobal |
| PAO | Plean Aonair Oideachais |
| Cigire | Cigire na Roinne Oideachais agus Eolaíochta |
| CPAF | Clár Aonair Próifíle agus Foghlama |
| Múinteoir Príomhshrutha | Múinteoir ranga |
| CNT | Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí |
| MNC | Múinteoir nuacháilithe |
| CT | Cumann na dTuismitheoirí |
| Comhpháirtithe | Tuismitheoirí, An Bord Bainistíochta srl. a bhíonn bainteach le gníomhaíochtaí na scoile |
| Pátrún | Feidhmíonn scoileanna faoi chomhlacht pátrúin, m.sh. an Eaglais Chaitliceach, Ag Foghlaim le Chéile, Bord Oideachais Eaglais na hÉireann, An Foras Pátrúnachta, An Bord Oideachais Ioslamach ... |
| PF | Post le Freagracht, m.sh. leas-phríomhoide, príomhoide cúnta, múinteoir le dualgais speisialta |
| MALS | Múinteoir Acmhainne don Lucht Siúil |
| Lá PFS | Bíonn cead ag gach scoil dúnadh le haghaidh lá amháin chun imeachtaí a eagrú |
| ERSO | Eagraí Riachtanais Speisialta Oideachais |
| Múinteoirí i gcomhroinn | Múinteoirí a oibríonn i scoileanna éagsúla chun tacaíocht a thabhairt do leanaí le riachtanais speisialta |
| SIPTU | Ceardchumann |
| CRS | Cúntóir Riachtanas Speisialta |
| Múinteoir le dualgais speisialta | Múinteoirí a bhfuil freagracht speisialta acu i leith saincheisteanna eagraíochta nó curaclaim chomh maith lena ndualgais mhúinteoireachta |
| Iontaobhaithe | Na daoine atá ainmnithe ag an bPatrún mar iontaobhaithe na scoile. Tá baint acu le léas áitreabh na scoile. Geallann na hlontaobhaithe go leanfar ag baint úsáide as na foirgnimh mar scoil náisiúnta ar feadh théarma an léasa agus dearbhaíonn siad go mbeidh an t-áitreabh agus an mhaoin faoi árachas. |
| Múinteoirí ar cuairt | Múinteoirí atá ag obair le daltaí a bhfuil fadhbanna céadfacha acu |
| MCLS | Múinteoir ar cuairt le haghaidh an Luchta Siúil |

Freagrachtaí an Ionadaí Shábháilteachta

(An tAcht Sábháilteacht agus Sláinte, 2005)

Mínítear Dualgais an **ionadaí shábháilteachta** i mír 33 An tAcht um Shláinte agus Shábháilteacht 2005 mír 25.—(1) ... Is féidir le fostaithe, ó thráth go chéile, ionadaí sábháilteachta a roghnú agus a cheapadh ag a n-ionad oibre chun ionadaíocht a dhéanamh ar a son ag an ionad oibre tar éis dul i gcomhairle lena bhfostóir ar ábhair a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an ionad oibre. (2) Is féidir le hionadaí sábháilteachta— (a) an t-ionad oibre nó cuid ar bith den ionad oibre a iniúchadh— (i) de réir *fo-alt (3)*, i ndiaidh fógra réasúnta a thabhairt don fhostóir, nó (ii) lom láithreach, i gcás timpiste, teagmhas contúirteach nó contúirte in aice láithreach maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas aon duine, (b) timpistí agus teagmhais chontúirteacha a fhiosrú a fhad is nach gcuireann sé nó sí isteach ar nó nach gcuireann sé nó sí cosc ar fheidhmíocht aon dualgas reachtúil ar gá d'aon duine a dhéanamh faoi aon fhorálacha reachtúla ábhartha, (c) i ndiaidh fógra réasúnta a thabhairt don fhostóir, gearáin a fhiosrú a dhéanann aon fhostaí a ndéanann sé nó sí ionadaíocht ar a s(h)on maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an ionad oibre, (d) dul in éineacht le cigire atá ag gabháil d'fhiosrúchán ar an ionad oibre faoi *alt 64* seachas fiosrúchán chun timpiste nó teagmhas contúirteach a fhiosrú, (e) faoi dhiscreíd an chigire atá i gceist, dul in éineacht le cigire atá ag gabháil d'fhiosrúchán faoi *alt 64* chun timpiste nó teagmhas contúirteach a fhiosrú, (f) faoi dhiscreíd an chigire atá i gceist, nuair a chuireann cigire agallamh ar fhostaí i dtaca le timpiste nó le teagmhas contúirteach ag ionad oibre, freastal ar an agallamh nuair a iarrann an fostaí amhlaidh, (g) aighneachtaí a chur faoi bhráid an fhostóra ar ábhar ar bith a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an ionad oibre, (h) aighneachtaí de bhéal nó scríofa a chur faoi bhráid cigirí ar ábhair a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an ionad oibre, lena n-áirítear fiosrúchán timpistí nó teagmhas contúirteach, (i) comhairle agus eolas a fháil ó chigirí ar ábhair a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an ionad oibre, nó (j) dul i gcomhairle agus dul i mbun idirchaidrimh le haon ionadaithe sábháilteachta eile a bhféadfadh bheith ceaptha chun an gníomh a dhéanamh maidir le hábhair a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an ionad oibre..... (3) Aontóidh an fostóir agus an t-ionadaí sábháilteachta, i bhfianaise chineál agus fhairsingeacht na nguaiseacha ag an ionad oibre, ar mhínicíocht agus chlár ama na n-iniúchtaí ar féidir iad a dhéanamh faoi *fho-alt (2)(a)(i)*, nach gceilfidh an fostóir an comhaontú go míréasúnta. (4) Féachfaidh gach fostóir ar aon aighneachtaí a chuireann aon ionadaí sábháilteachta faoina b(h)ráid maidir le hábhair a shonraítear sa mhír seo nó maidir le hábhar ar bith a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas ag a (h)ionad oibre féin nó ag ionad oibre a f(h)ostaithe agus, chomh fada agus is féidir, aon ghníomhaíocht a dhéanamh a mheasann sé nó sí bheith riachtanach nó oiriúnach i dtaca leis na haighneachtaí sin. (5) Ba cheart go dtabharfadh fostóir an méid saor ama d'ionadaí sábháilteachta óna c(h)uid oibre is atá réasúnta i bhfianaise na gcoinníollacha ar fad, gan cailleanas luach saothair, chun cur ar chumas an ionadaí shábháilteachta— (a) an t-eolas agus an oiliúint a fháil, ar bhonn leanúnach, atá riachtanach chun a d(h)ualagais a chomhlíonadh mar ionadaí sábháilteachta, agus (b) chun na dualgais sin a chomhlíonadh.

Tá breis eolais ar fáil ar - Treoiríní ar Mheasúnuithe agus Ráitis Sábháilteachta atá in-íoslódáilte saor in aisce ar www.hsa.ie; Treoir ar Árachas, Sábháilteacht agus Slándáil sa Scoil (Eaglais agus go ginearálta) atá á nuashonrú i láthair na huaire; Tá Rialacháin Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa ag an Ionad Oibre, (Iarratas Ginearálta) 2007 i dtaca le trealamh, Aonaid Amharcthispeána, éadaí cosanta, leictreachas, agus go leor rudaí eile ar fáil ó fhoilsitheoirí an Rialtais. Beidh eolas ar fáil ar láithreán Gréasáin Chumann Múinteoirí Éireann freisin.

An Plean Scoile

| Sonraí Scoile Ginearálta | Fís agus Misean | Pleananna Curaclaim | Polasaithe Eagrúcháin | Nósanna Imeachta agus Cleachtais | Rannóg Forbartha |
|--|---|--|--|---|--|
| <ul style="list-style-type: none"> • Stair • Pearsanra • Ábhair a mhúintear • Uaireanta oscailte agus dúnta • Leabhair • Éide • Gníomhaíochtaí Seach-churaclaim • Sonraí ábhartha eile | <ul style="list-style-type: none"> • Ráiteas maidir le Fís agus Misean | <ul style="list-style-type: none"> • Gaeilge • Béarla • Matamaitic • Na hAmharcealaíona • Drámaíocht • Ceol • Tíreolaíocht • Eolaíocht • Stair • Corpoideachas • Oideachas Sóisialta Pearsanta agus Sláinte | <p>Nithe a Luaitear sa Reachtaíocht</p> <ul style="list-style-type: none"> • Rollú • Sláinte agus Sábháilteacht • Cód Iompraíochta • Polasaí Frithbhulaíochta • Comhionannas • Ciapadh Gnéasach • Rochtain ar thaifid • Tinreamh • Rannpháirteachas na dtuismitheoirí <p>Nithe atá á dtacú ag Treoirlínte Náisiúnta</p> <ul style="list-style-type: none"> • Tacaíocht Foghlama • RSE • Úsáid Substaintí • Cosaint Leanáí • Oideachas Idirchultúrtha • Meastóireacht <p>Nithe Eile</p> <ul style="list-style-type: none"> • Riarachán Míochaine • Timpistí agus Gortuithe • Cumarsáid • Obair Bhaile • Teicneolaíocht Faisneise agus Cumarsáide agus Úsáid an Idirlín • Ionduchtú múinteoirí nua • Forbairt foirne • Coimeád Taifead | <ul style="list-style-type: none"> • Féilire Scoile • Cuairteoirí –ionadaithe díolacháin, nithe eile • Teacht Daltaí agus Daltaí a chaitheamh amach ón scoil • Dúntaí eiceachtúla • Dualgais mhaoirseachta • Cúrsaí fótachóipeála agus ceisteanna cóipchirt • Roghnú téacsleabhar • An Scéim um leabhair a fháil ar cíos • Úsáid fón póca Lóin fholláine • Leithdháileadh ranganna/ seomraí ranga • Coimeád taifead ranga agus leabhar rolla • Aistriú eolais bunriachtanaigh • Neamhláithreachtaí múinteoirí • Cruinnithe foirne • Fáiltiú roimh mhúinteoirí ionaid nó mhúinteoirí faoi oiliúint • Turais scoile • Gníomhaíochtaí seach-churaclaim • Promóisean/margú tairgí tráchtála • Rannpháirteachas i gcomórtais/bhféilte • Teagmháil le scoileanna eile • Dul ar aghaidh chuig an dara leibhéal • Nithe eile... | <ul style="list-style-type: none"> • Plean Forbartha / Straitéiseach • Dialann Phleanála • Plean gníomhaíochta • Treoirthionscadail • Aon doiciméad/liosta eile a shoáthraíonn fianaise maidir le hobair a bhíonn ar siúl |

Samhailscéal 1

Tá cúigear glantóirí fostaithe ag Scoil Náisiúnta San Philomena. Tá na dualgais laethúla agus seachtainiúla sannta go soiléir. Tá Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta ann le roinnt blianta.

Thit duine de na glantóirí, Bean Uí Bhroin, nuair a bhí sí ag mapáil limistéar a raibh tíleanna ann i gceann de na seomraí ranga a bhí sannta uirthi.

Tá litir faighte ag Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta ó dhlíodóir Bhean Uí Bhroin ag cur faillí i leith na scoile.

Iarrann an dlíodóir ar an mbord sa litir aghaidh a thabhairt ar an ábhar agus tugann sé le fios go bhfuil Bean Uí Bhroin ag beartú imeachtaí dlí a thionscnamh chun damáistí a fháil.

- Cad iad na saincheisteanna a thagann chun cinn?
- Aimsigh na gníomhaíochtaí atá ag teastáil agus luaigh cé a bheadh freagrach astu.

Samhailscéal 2

Ba mhór an trioblóid a chothaigh Seán sula ndearnadh an diagnóis, agus é sa 4ú rang, go bhfuil ADHD air. Tá sé ar tí dul isteach sa 6ú rang agus tá ag éirí go measartha maith leis. Tá tuismitheoirí Sheáin buartha, áfach, faoin dóigh a gcaithfear leis san iar-bhunscoil mar gheall ar a chlú agus ar a thaifid bhunscoile. Scríobh athair Sheáin chuig príomhoide na bunscoile lena fháil amach cad é an t-eolas agus cad iad na taifid a chuireann an scoil ar fáil de ghnáth do scoileanna dara leibhéal, agus an féidir leis na sonraí a bhaineann le Seán a fheiceáil sula gcuirfear ar aghaidh iad. Luaigh sé go sonrathach:

- nótaí atá ag múinteoirí, ag an gcúntóir riachtanas speisialta nó ag an bhfoireann tacaíochta foghlama
- taifid a bhaineann le drochiompar nó bannaí a cuireadh i bhfeidhm
- taifid fhoirmiúla maidir le measúnú
- cóip de mheasúnuithe an tsíceolaí scoile
- na nótaí ar fad atá ag foireann na scoile, bíodh siad i bhfoirm leictreonach nó eile.

Chuir an príomhoide an litir faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta, nó creideann sí go bhfuil sé i gceist ag athair Sheáin gan cead a thabhairt na taifid a chur ar aghaidh. Chuir an príomhoide in iúl don Bhord freisin go mb'fhéidir go mbeadh fadhb le sárú ag an scoil dá n-iarrfadh an iar-bhunscoil orthu eolas a chur ar fáil.

- Cad iad na saincheistanna a thagann chun cinn?
- Aimsigh na gníomhaíochtaí atá ag teastáil agus luaigh cé a bheadh freagrach astu.

Samhailscéal 3

I mí Feabhra, dúradh le príomhoide scoile go bhfuil dalta atá le clárú i rang na Naíonán Beag i mí Mheán Fómhair dall.

28 líon na ndaltaí a bheidh sa rang seo, bunaithe ar na hiarratais atá faighte cheana fein.

- Cad iad na saincheistanna a thagann chun cinn?
- Aimsigh na gníomhaíochtaí atá ag teastáil agus luaigh cé a bheadh freagrach astu.

Samhaiscéal 4

Is scoil le beirt mhúinteoirí í Scoil Náisiúnta Bhéal na hAbhann atá suite ar imeall baile mór, faoin tuath.

Tá trí theaghlach i ndiaidh aistriú isteach sa cheantar le deireanas. Tá cúigear páistí d'aois scoile sna teaghlaigh sin.

Tá dhá cheann den trí theaghlach i ndiaidh a fhiafraí den phríomhoide an féidir leis an scoil glacadh leis na páistí.

- Cad iad na saincheisteanna a thagann chun cinn?
- Aimsigh na gníomhaíochtaí atá ag teastáil agus luaigh cé a bheadh freagrach astu.

Samhailscéal 5

Dhaingnigh Bord Scoil Náisiúnta Shéamais cód iompair ar na mallaibh. Bhí neart seansanna ag tuismitheoirí a gcuid tuairimí a chur in iúl maidir le dréachtú an chóid ag céimeanna éagsúla agus rinne cuid acu amhlaidh. Cuireadh a dtuairimí san áireamh chomh fada agus ab fhéidir.

Cuireadh cód iompair chuig teaghlaigh na ndaltaí uile atá cláraithe agus iarradh orthu é a léamh agus foirm a shíniú lena chur in iúl go nglacann siad leis na forálacha atá ann. Nuair a chláraítear dalta úr, tá ceangal ar na tuismitheoirí/caomhnóirí an cód iompair a shíniú.

Tá diúltaithe ag tuismitheoirí dalta amháin atá cláraithe cheana féin an cód a shíniú mar ní ghlacann siad le cuid de na forálacha atá ann: iad siúd a bhaineann le fionraíocht/díbirt agus an riachtanas go gcuirfidh siad in iúl don scoil i scríbhinn an fáth a bheadh lena bpáiste a bheith as láthair. Cuireadh a n-iníon ar fionraí ar feadh trí lá roimhe seo as ucht an mhí-iompair sheasta aici.

- Cad iad na saincheistanna a thagann chun cinn?
- Aimsigh na gníomhaíochtaí atá ag teastáil agus luaigh cé a bheadh freagrach astu.

Samhailscéal 6

Bíonn triúr daltaí i rang sinsearach i SN Liam i gcónaí ag cothú trioblóide. An tseachtain seo caite, bhagair duine acu, Jimí Ó Tuathail ar dhalta eile, mhaslaigh sé é agus thug sé drochíde dó.

Chuir an príomhoide Jimí ar fionraí i ndiaidh dó scairt ghutháin a chur ar mháthair Jimí agus í ar obair.

Scríobh Bean Uí Thuathail chuig an bpríomhoide, a rá nach bhfuair Jimí éisteacht chothrom, gur cuireadh ar fionraí é gan iniúchadh ceart a bheith déanta agus nach ndearnadh de réir na ngnáthamh i dtaca le déanamh cinntí.

- Cad iad na saincheistean a thagann chun cinn?
- Aimsigh na gníomhaíochtaí atá ag teastáil agus luaigh cé a bheadh freagrach astu.

An Fhoirm Meastóireachta

Oiliúint do Bhaill Bord Bainistíochta (Bunoideachas)

Ionad: _____ Dáta: _____

Oiliúnoir: _____

Ceisteanna Dlí

Cé chomh maith, dar leat, ar pléadh na nithe seo a leanas (*ticeáil, le do thoil*)

1 Ról agus freagracht Boird a éiríonn as reachtaíocht, treoirínte agus ciorcláin

| Go Sármhaith | Go hAn-Mhaith | Cuibheasach Maith | Go Lag |
|--------------|---------------|-------------------|--------|
| | | | |

2 Ról agus freagracht an bhoird bainistíochta mar fhostóir

| Go Sármhaith | Go hAn-Mhaith | Cuibheasach Maith | Go Lag |
|--------------|---------------|-------------------|--------|
| | | | |

3 Ról agus freagracht Boird i ndáil le sláinte agus sábháilteacht

| Go Sármhaith | Go hAn-Mhaith | Cuibheasach Maith | Go Lag |
|--------------|---------------|-------------------|--------|
| | | | |

4 Ról agus freagracht Boird i ndáil le cosaint sonraí

| Go Sármhaith | Go hAn-Mhaith | Cuibheasach Maith | Go Lag |
|--------------|---------------|-------------------|--------|
| | | | |

5 Ról agus freagracht Boird i ndáil le riachtanais speisialta oideachais

| Go Sármhaith | Go hAn-Mhaith | Cuibheasach Maith | Go Lag |
|--------------|---------------|-------------------|--------|
| | | | |

6 Ról agus freagracht Boird i ndáil le clárú, Achomhairc Alt 29 san áireamh

| Go Sármhaith | Go hAn-Mhaith | Cuibheasach Maith | Go Lag |
|--------------|---------------|-------------------|--------|
| | | | |

7 Nósanna imeachta le leanúint nuair a thagann cúiseanna inní chun cinn

| Go Sármhaith | Go hAn-Mhaith | Cuibheasach Maith | Go Lag |
|--------------|---------------|-------------------|--------|
| | | | |

8 Cén rátáil a thabharfá do luach foriomlán an tseisiúin?

| Go Sármhaith | Go hAn-Mhaith | Cuibheasach Maith | Go Lag |
|--------------|---------------|-------------------|--------|
| | | | |

Tuairimí:
